# Gné 4: Cleachtas Gairmiúil

## Gníomhaíocht G: Ceannaire ar son na foghlama i ról bainistíochta (Is ar bhainisteoirí/ cheannairí seomra atá an ghníomhaíocht seo dírithe.)

Na tascanna éagsúla a bhíonn cleachtóirí a dhéanamh gach lá, baineann siad le róil bhainistíochta nó cheannaireachta go hiondúil, agus tá dlúthbhaint idir an dá ról sin.

I measc na dtascanna a chuimsítear leis an **ról bainistíochta** sa seomra go hiondúil, áirítear maoirseacht ama nó tascanna trína bhfreastalaítear ar riachtanais bhunúsacha leanaí agus trína gcinntítear a sábháilteacht, mar shampla am sneaiceanna a eagrú, an rolla a líonadh isteach, acmhainní a chur ar fáil don timpeallacht agus an timpeallacht a eagrú, deiseanna dul chuig an leithreas nó am athrú clúidíní a eagrú, nó glanadh suas tar éis gníomhaíochtaí pleanáilte. Bíonn tascanna cosúla ar siúl ag bainisteoir suímh, amhail uainchláir agus bileoga ama a eagrú, cinntiú go gcloítear leis na *Rialacháin Réamhscoile* (an Roinn Sláinte agus Leanaí, 2006), *Tús Áite do Leanaí* (an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2011), cúrsaí airgeadais a bhainistiú agus cloí le riachtanais reachtúla lena n-áirítear faisnéis a sheoladh chuig ranna rialtais agus gníomhaireachtaí ábhartha.

I gcomparáid leis sin, cuimsítear leis an **ról ceannaireachta** nó **oideachasúil** i suíomh ar leith na tascanna a bhaineann go díreach le tacú le foghlaim agus le forbairt leanaí le *hAistear* nó le *Síolta*, mar shampla, féachaint ar leanaí agus pleanáil a dhéanamh dá bhfoghlaim, bheith ina fhorbróir curaclaim, foghlaim agus forbairt leanaí a thaifeadadh agus a dhoiciméadú, an cleachtas a phlé agus a mheasúnú, agus machnamh a dhéanamh ar a ról féin mar cheannaire ar son na foghlama. Baineann sé freisin lena chinntiú go mbíonn comhfhís ag an suíomh go hiomlán
de leanaí.

Is minic a bhíonn cleachtóirí gafa le tascanna bainistíochta seachas an fhoghlaim a stiúradh, agus is iad foghlaim agus forbairt leanaí a bhíonn thíos leis sin uaireanta. Cabhróidh Gníomhaíocht G leat machnamh a dhéanamh ar na gnéithe sin den ról a mbíonn go leor ama sa suíomh ag teastáil uathu.

Is féidir tabhairt faoin ngníomhaireacht seo leat féin, le comhghleacaí, le d'fhoireann nó le cabhair ó mheantóir.

Breac síos na cineálacha tascanna a dhéanann tú gach lá ar feadh seachtaine.
Ag smaoineamh ar na nótaí sin, smaoinigh ar na ceisteanna seo a leanas.

| **Cén cineál tascanna is minice a bhíonn ar siúl agam – bainistíocht nó ceannaireacht ar son na foghlama? Cén fáth?** |
| --- |
| |
| **An gcabhraíonn duine eile leis na tascanna ceannaireachta ar son na foghlama i mo sheomra nó i mo shuíomh? Cén chaoi?** |
| |
| **Cén chaoi ar féidir liom am breise a thabhairt do mo ról mar cheannaire ar son na foghlama agus díriú isteach níos mó air?** |
| |
| **Cén tacaíocht atá de dhíth orm? Cé nó cad atá in ann cabhrú liom?** |
| |


NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

| **Cá mhéad aiseolais a thugaim do na baill foirne ar a gcuid oibre le leanaí sa suíomh?** |
|---|
| |
| **An gcabhraím leis an bhfoireann tabhairt faoi réimse deiseanna forbairt ghairmiúil leanúnach ar bhonn rialta agus leanúnach, mar shampla, oiliúint chreidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe?** |
| |
| **An bhféadfaí caidreamh oibre comhoibríoch le seirbhísí eile a úsáid chun tacú le forbairt ghairmiúil na gcleachtóirí i mo shuíomh?** |
| |
| **An dtugaim deiseanna rialta do chleachtóirí machnamh a dhéanamh ar, agus tógáil ar, fhorbairt an chleachtais ar ardchaighdeán?** |
| |

Forbrófar gníomhaíochtaí breise chun cabhrú le bainisteoirí nó le maoirseoirí sa ról sonrach atá acu chun tacú leis an gcleachtas foghlama agus gairmiúil, agus foilseofar ar www.aistearsiolta.ie iad.